# Gaeilge na Sraithe Sóisearaí – T1 MRB 2
# Sampla de Shaothar Scoláirí 04

## Ócáid mheasúnaithe: MRB2 Ag Idirghníomhú trí Ghaeilge

**Teideal an tSaothair:** Seó Comhrá le 'hIsabelle agus Ciara'.

**An tasc a bhí á mheas:** Cur i láthair le Powerpoint agus píosa aisteoireachta bunaithe ar na téacsanna dílse.

**Formáid:** Tras-fhormáid. Ról-imirt agus cur i láthair.

## Torthaí foghlama as an aonad foghlama a roghnaíodh don mheasúnú:

### Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:

**Éisteacht**

**1.1** ábhair agus teachtaireachtaí na cumarsáide ar ghnáthluas a thuiscint

**Léamh**

**1.11** rogha phearsanta de théacsanna a aimsiú, a fhiosrú agus a roinnt ar son taighde agus taitnimh

**Labhairt**

**1.15** comhrá a fhorbairt agus smaointe pearsanta a leathnú amach ar réimse leathan ábhar

**1.18** a stór focal pearsanta agus stór focal comhaimseartha ar ábhar ginearálta agus ábhar ar spéis leis féin a fhorbairt agus a shaibhriú

**Idirghníomhú cainte**

**1.19** páirt ghníomhach a ghlacadh i gcomhráite (obair ghrúpa san áireamh) ag fiosrú, ag ceistiú agus ag forbairt tuairimí pearsanta agus ag freagairt go cuí le linn an chomhrá

**1.20** idirghníomhú go muiníneach agus go cuí i suíomhanna difriúla agus ar mhaithe le spriocanna éagsúla

**Scríobh**

**1.27** úsáid sholúbtha, chruthaitheach, spraíúil a bhaint as an teanga

**Ag cothú feasachta i leith chultúr na teanga**

**2.9** tionscnaimh/cuir i láthair ó bhéal a dhéanamh ar ghnéithe de bheochultúr na Gaeilge

**Ag forbairt tuisceana ar spreagadh pearsanta i leith na foghlama**

**3.8** tuiscint a léiriú ar a spreagadh pearsanta i leith úsáid na teanga sa phobal teanga

# Eispéireas teagaisc agus foghlama:

Mhair an tasc idirghníomhach seo 7:33. Bhí go leor saoirse, solúbthachta agus roghanna ar fáil do na scoláirí agus iad ag gabháil don Mheasúnú Rangbhunaithe seo, rud a thug deis do na scoláirí a gcuid scileanna labhartha a chur chun cinn chomh maith lena scileanna féinriair a fhorbairt. Bhí píosa cainte ar ábhar a raibh spéis ag na scoláirí iontu á phlé acu, nuacht RTÉ nasctha leis na téacsanna dílse (ainmneacha na dtéacsanna ná 'An Cluiche Mór' le hÓgie Ó Céilleachar agus 'Coimhlint' le Ré Ó Laighléis) atá ar liosta téacsanna dualgais do Ghaeilge na Sraithe Shóisearaí T1 (1-2 nóiméad cainte an duine móide 2 nóimead idirghníomhú leis an múinteoir agus le comhscoláirí faoin bpíosa cainte/faoin bpíosa cruthaitheach).

## Ullmhúchán an scoláire:

D'éist na scoláirí le heolas agus treoir ghinearálta ón múinteoir faoina bhfuil i gceist le MRB2. Rinneadh ple leis an rang faoin gcaighdeán atá i gceist le MRB2 agus rinneadh plé ar na gnéithe cáilíochta mar chritéir ratha. Bhí treoir curtha in airde dóibh ar an OneNote ranga (Fillteán ar líne le codanna ann – spás ranga agus spás aonarach do gach scoláire) atá ag an múinteoir don rang. Bhí plé agus smaoineamh ar na deiseanna agus na féidearthachtaí, mar atá molta sna Treoirlínte measúnaithe T1 (lch. 28). Ansin bhí taighde déanta ag na scoláirí chun an bunsmaoineamh a bhí acu a fhorbairt. Bhí script curtha le chéile ag na cailíní agus an píosa cainte á chumadh acu. Bhí PowerPoint deartha acu. Bhí dréachtú déanta acu ar an obair agus aiseolas faighte acu ón múinteoir roimh chur i láthair a dhéanamh don taifead. Roghnaigh siad obair bheirte agus ról-imirt cé go raibh spéis agus taithí acu leis an drámaíocht, lasmuigh agus laistigh den scoil. Ní imríonn na cailíní spórt ach bhí spéis acu sna carachtair agus sna téamaí a bhí lárnach sna téacsanna. Bhí taithí acu leis an bhformáid seo sa rang Béarla freisin.

Rinne an chailín seo obair thaighde mar chuid den ullmhúchán. Rinne sí taighde ar an dá údar Ré Ó Laighléis agus ar an dá théacs thuasluaite.

# Nótaí tráchta an mhúinteora i dtaca leis na Gnéithe Cáilíochta do MRB2:

## Cumas cumarsáide:

Rinne an cailín cumarsáid nádúrtha ó thús deireadh an ról-imirt. Chuir sí agus d'fhreagair sí ceisteanna ag luas nádúrtha le freagraí sothuigthe agus stór focal ábhartha. Níor labhair sí go ró-thapaidh ach ar a compord ionas go dtuigfeadh an lucht féachanna an comhrá. Ghlac sí le ról an agallóir agus d'éirigh léi sa ról sin. Léirigh sí stór focal fairsing.

## Tuiscint agus cumas idirghníomhaithe cainte:

Tá sárthuiscint léirithe ar an lucht éisteachta agus an scoláire i mbun idirghníomhaithe cainte leo. Tá an teanga úsáidte go sciliúil agus í ag labhairt agus ag freagairt don lucht éisteachta go cumasach. Léirigh sí gur thuig sí na ceisteanna agus gur fhreagair sí na ceisteanna gan stró.

## Feasacht teanga:

Tá caighdeán an-ard maidir le feasacht teanga agus tuiscint ar phatrúin agus ar chomhréir na teanga. Thug sí faoi fhéincheartú in áiteanna. Bhí sampla den fhéincheartú ag tús an taifid agus seanfhocail luaite aici freisin.

**Tuairiscín:** Thar Barr ar fad

Thar barr ar fad | Os cionn na n-ionchas | Ag teacht leis na hionchais | Níor chomhlíon na hionchais go fóill